Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Eanáir 2024**
**(OR. en)**

**5111/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0001(NLE)**

**CORDROGUE 1**
**SAN 8**
**RELEX 10**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Eanáir 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 2 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 2 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 2 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.1.2024
COM(2024) 2 final

2024/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún de Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha na Náisiún Aontaithe maidir le sceidealú substaintí faoi Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971. Tá sé beartaithe go dtionólfar an 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 14 go dtí an 22 Márta 2024.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972 (‘an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha’)[1], mí-úsáid na ndrugaí a chomhrac le gníomhaíocht idirnáisiúnta chomhordaithe. Tá dhá chineál idirghabhála agus rialaithe a fheidhmíonn le chéile i gceist leis. Ar an gcéad dul síos, déantar iarracht seilbh, úsáid, trádáil, dáileadh, allmhairiú, onnmhairiú, monarú agus táirgeadh na ndrugaí a theorannú do chuspóirí míochaine agus eolaíochta amháin. Ar an dara dul síos, comhraictear an gháinneáil ar dhrugaí trí chomhar idirnáisiúnta chun gáinneálaithe drugaí a dhíspreagadh.

Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (‘an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha’)[2] bunaítear córas rialaithe idirnáisiúnta le haghaidh substaintí síceatrópacha. Ba fhreagairt é ar éagsúlú agus leathnú speictream na ndrugaí mí-úsáide, agus tugadh rialuithe isteach trína bhíthin ar roinnt drugaí sintéiseacha de réir an riosca mí-úsáide a bhí ag baint leo, ar thaobh amháin, agus a luach teiripeach ar an taobh eile.

Is páirtithe iad Ballstáit uile an Aontais sna Coinbhinsiúin, ach ní páirtí é an tAontas.

### 2.2. An Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha

Coimisiún de chuid Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe (ECOSOC) is ea an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanach agus is sa dá Choinbhinsiún a leagtar amach, *inter alia*, a fheidhmeanna agus a chumhachtaí. 53 Bhallstát de na Náisiún Aontaithe arna dtoghadh ag ECOSOC atá ann. Beidh 13 Bhallstát den Aontas ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus ceart vótála acu i mí an Mhárta 2024[3]. Tá stádas breathnóra ag an Aontas laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha

Déanann an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha leasuithe tráthrialta ar an liosta substaintí atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin agus sin ar bhonn moltaí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) a gcuireann a Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí comhairle uirthi.

[1] Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 978, Uimh. 14152.
[2] Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 1019, Uimh. 14956.
[3] An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn.

Mhol EDS d'Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe[4] an 15 Samhain cúig shubstaint a rinne Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú criticiúil orthu a chur leis na sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin.

Iarrtar ar an gCoimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ina 67ú seisiún, seisiún a thionólfar i Vín ón 14 go dtí an 22 Márta 2024, cinntí a ghlacadh maidir le sceidealú na substaintí sin faoi na Coinbhinsiúin.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na sceidil a ghabhann leis an dá Choinbhinsiún ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí le haghaidh na mBallstát uile. In Airteagal 1(1) de Chinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (an 'Cinneadh Réime')[5], sonraítear chun críocha an Chinnidh Réime, go gciallaíonn 'druga' substaint a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha nó leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha agus aon cheann de na substaintí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Réime. Tá feidhm, dá bhrí sin, ag an gCinneadh Réime maidir le substaintí a liostaítear sna Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Dá réir sin, déanann aon athrú ar na sceidil atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin sin difear díreach do rialacha coiteanna de chuid an Aontais agus athraíonn sé raon feidhme na rialacha sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is amhlaidh cibé acu an tsubstaint atá i gceist a bheith faoi rialú san Aontas nó a mhalairt.[6]

Rinne an Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú criticiúil ar shé shubstaint ag an 46ú cruinniú a bhí aige, is é sin dhá bheinsidé-asaipín – brómasólam agus flubrómaiseapam –, ópóideach sintéiseach núíosach amháin – bútainíotaiséin –, dhá cháitíonón/spreagthach – 3-Clóraimeatcáitíonón (3-CMC) agus dépheintiolón – agus substaint amháin de chineál dícheangail – 2-fluaraideasclóraicéataimín (2-FDCK).

Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ('EMCDDA') faireachán ar na sé shubstaint. Ina theannta sin, tá substaint amháin acu faoi réir bearta rialaithe ar fud an Aontais cheana féin: cuireadh 3-CMC le liosta na ndrugaí sa Chinneadh Réime in 2022. Thairis sin, tá dianfhaireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ar dhá cheann de na substaintí sin, is iad sin bútainíotaiséin agus 2-FDCK. Mheas an Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí cúig cinn díobh sin a mholadh le haghaidh sceidealú: brómasólam, bútainíotaiséin, 3-CMC, dépheintiolón agus 2-DFCK.

Is é a mholtar le moladh an Choimisiúin maidir le seasamh ón Aontas tacú le moltaí EDS, is é sin, rialú na cúig shubstaint thuasluaite, ós rud é go bhfuil na moltaí sin i gcomhréir le staid reatha an eolais eolaíoch. A mhéid a bhaineann leis na substaintí sícighníomhacha nua sin, tá faisnéis a thacaíonn lena gcur leis na Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin ar fáil freisin

4 https://www.who.int/groups/who-expert-committee-on-drug-dependence/46th-ecdd-documents

5 Treoir (AE) 2017/2103 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leasaítear Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle chun substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'dhruga' agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/387/CGB ón gComhairle, IO L 305, 21.11.2017, lch. 12.

6 Féach an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Réime.

ón mBunachar Sonraí Eorpach um Dhrugaí Nua, bunachar de chuid an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí.

Is gá go suífidh an Chomhairle seasamh an Aontais le haghaidh chruinniú an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ina n-iarrfar air cinneadh a dhéanamh maidir le sceidealú substaintí. Mar gheall ar na srianta a bhaineann le stádas breathnóra an Aontais, ba cheart do na Ballstáit a bheidh ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i mí an Mhárta 2024 an seasamh sin a chur in iúl, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh le leas an Aontais laistigh den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Níl an tAontas ina pháirtí sna Coinbhinsiúin sin ach tá inniúlacht eisiach aige sa réimse lena mbaineann.

Chuige sin, molann an Coimisiún seasamh ón Aontas a bheidh le cur in iúl ag na Ballstáit a bheidh ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i mí an Mhárta 2024, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Roimhe seo, ghlac an Chomhairle seasaimh den chineál sin ón Aontas, rud a chuir ar a chumas don Aontas labhairt d'aon ghuth ag cruinnithe den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha roimhe seo maidir leis an sceidealú idirnáisiúnta, toisc gur vótáil na Ballstáit a bhí rannpháirteach sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha i bhfabhar an sceidealaithe i gcomhréir leis an seasamh a bhí glactha ag an Aontas[7].

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) CFAE déantar foráil maidir le cinntí lena leagfar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE gan beann ar cé acu atá an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú[8].

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach *'a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[9].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is 'comhlacht arna chur ar bun le comhaontú' é an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha de réir bhrí an Airteagail sin, ós rud é gur comhlacht é a bhunaigh Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe agus gur sannadh cúraimí sonracha dó faoin gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

---

7 Le heisceacht amháin a tarchuireadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

8 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

9 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 61 go mír 64.

Cinntí sceidealaithe an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha, is 'gníomhartha... a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' iad de réir bhrí Airteagal 218(9) CFAE. De réir an Choinbhinsiúin um Dhrugaí Támhshuanacha agus an Choinbhinsiúin maidir le Substaintí Síceatrópacha, tá cinntí an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ceangailteach. Má chuireann páirtí cinneadh an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha faoi bhráid Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe lena hathbhreithniú laistigh den teorainn ama[10], tá na cinntí uaithi críochnaitheach. Tá éifeachtaí dlíthiúla ag cinntí sceidealaithe an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha i ndlíchóras an Aontais freisin de bhua dhlí an Aontais, ós rud é go bhfuil siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar reachtaíocht an Aontais, mar atá, Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle. Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an dá Choinbhinsiún ar raon feidhme chur i bhfeidhm na hionstraime dlíthiúla sin de chuid an Aontais.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

*4.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an ngáinneáil aindleathach ar dhrugaí a bhaineann príomhchuspóir agus príomhinneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 83(1) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe, sainaithnítear san airteagal sin an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí mar cheann de na coireanna a bhfuil gné thrasteorann ar leith ag baint leo agus cumhachtaíonn sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle chun rialacha íosta a bhunú maidir le cionta agus pionóis a shainiú i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí.

### 4.3. Geoiméadracht athraitheach

Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle mar ab infheidhme go dtí an 21 Samhain 2018 agus foráiltear in Airteagal 1 de sin go gciallóidh 'drugaí' aon cheann de na substaintí a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha nó leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Ós rud é go mbíonn tionchar ag cinntí sceidealaithe an Choimisiúin um Dhrugaí Támhshuanacha ar rialacha comhchoiteanna a bhfuil an Danmhairg faoi cheangal acu i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí, bíonn an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh Cinnidh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais nuair a ghlacfar na cinntí sin maidir le sceidealú.

Tá Éire faoi cheangal ag an gCinneadh Réime agus dá bhrí sin bíonn sí rannpháirteach i nglacadh Cinnidh ón gComhairle lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais nuair a ghlacfar na cinntí sin maidir le sceidealú.

10 Airteagal 3(7) den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha; Airteagal 2(7) den Choinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

### 4.4. Conclúid

Is é Airteagal 83(1) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, bunús dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

2024/0001 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha maidir le sceidealú substaintí faoin gCoinbhinsiún Aonair um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú ag Prótacal 1972, agus faoin gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961, arna leasú le Prótacal 1972 (‘an Coinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha’)[11], i bhfeidhm an 8 Lúnasa 1975.

(2) De bhun Airteagal 3 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Ní féidir leis athruithe a dhéanamh ar na Sceidil ach amháin i gcomhréir le moltaí na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS), ach is féidir leis cinneadh a dhéanamh freisin gan na hathruithe atá molta ag EDS a dhéanamh.

(3) Tháinig Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971 (‘an Coinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha’)[12] i bhfeidhm an 16 Lúnasa 1976.

(4) De bhun Airteagal 2 den Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, féadfaidh an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a chinneadh substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin nó iad a bhaint díobh, ar bhonn mholtaí EDS. Tá cumhachtaí lánroghnacha leathana aige tosca eacnamaíocha, sóisialta, dlíthiúla, riaracháin agus eile a chur san áireamh, ach ní fhéadfaidh sé gníomhú go treallach.

(5) Bíonn iarmhairtí díreacha ag athruithe ar na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha ar raon feidhme chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimse an rialaithe drugaí. Tá feidhm ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle[13] maidir le substaintí a liostaítear sna Sceidil a ghabhann leis na Coinbhinsiúin sin. Dá réir sin, déanann aon athrú ar na Sceidil atá i gceangal leis na Coinbhinsiúin sin difear díreach

[11] Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 978, Uimh. 14152.
[12] Na Náisiúin Aontaithe, Sraith na gConarthaí, Imleabhar 1019, Uimh. 14956.
[13] Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2004 lena leagtar síos forálacha íosta maidir leis na heilimintí a chomhdhéanann gníomhartha coiriúla agus maidir le pionóis i réimse na gáinneála aindleathaí ar dhrugaí (IO L 335, 11.11.2004, lch. 8).

do rialacha coiteanna de chuid an Aontais agus athraíonn sé raon feidhme na rialacha sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den CFAE.

(6) Le linn an 67ú seisiún dá chuid atá sceidealaithe don 14 go dtí an 22 Márta 2024 i Vín, tá an Coimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha chun cinneadh a dhéanamh maidir le cúig shubstaint nua a chur leis na Sceidil a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(7) Níl an tAontas ina pháirtí sa Choinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha ná sa Choinbhinsiún um Shubstaintí Síceatrópacha. Tá stádas breathnóra ag an Aontas nach bhfuil cearta vótála aige sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha; is comhaltaí den Choimisiún iad 13 cheann de na Ballstáit a bhfuil vóta acu i mí an Mhárta 2024.[14] Is gá don Chomhairle údarú a thabhairt do na Ballstáit sin seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le sceidealú substaintí faoi na Coinbhinsiúin siúd ós rud é gur faoi inniúlacht eisiach an Aontais a thagann cinntí maidir le substaintí nua a chur lena Sceidil.

(8) Mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte substaint nua amháin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha, trí shubstaint nua a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha, agus substaint nua amháin a chur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha[15].

(9) Déanann an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí faireachán ar gach substaint arna hathbhreithniú ag Coiste Saineolaithe EDS ar Spleáchas ar Dhrugaí agus a mhol EDS a sceidealú mar shubstaint shícighníomhach nua faoi théarmaí Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[16]

(10) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, is beinsidé-isipin de neart réasúnta ard é brómasólam (Ainm IUPAC: 8-bróma-1-meitil-6-féinil-4*H*-[1,2,4]trí-asólai[4,3-a][1,4]beinsidé-isipin). Rinne an Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú ar bhrómasólam ag an 45ú cruinniú a bhí aige agus chuir sé faoi fhaireachas é. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag brómasólam ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an brómasólam nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann an EDS go gcuirfí an brómasólam i Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(11) Braitheadh an brómasólam i 19 mBallstát agus rialaítear é i gceithre Bhallstát ar a laghad. Tá faireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ar bhrómasólam. Tá Ballstát amháin tar éis nimhiú géar amháin a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le brómasólam. Tá Ballstát amháin tar éis nimhiú géar amháin eile a thuairisciú a bhfuil amhras ann ina leith maidir le teagmháil le brómasólam. Tá cúig Bhallstát tar éis 15 bhás san iomlán a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le brómasólam.

---

14 An Ostair, an Bheilg, an Fhrainc, an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Spáinn.

15 https://www.who.int/groups/who-expert-committee-on-drug-dependence/46th-ecdd-documents

16 Rialachán (CE) Uimh. 1920/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir leis an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (IO L 376, 27.12.2006, lch. 1).

(12) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas brómasólam a chur le Sceideal IV a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(13) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, is ópóideach sintéiseach díorthaithe ón mbeinsimíodasól (níotaiséin) í bútainíotaiséin (ainm IUPAC: 2[4-eatocsaifeinil)meitil]-*N,N*-dé-eitil-5-nítrea-1-*H*-beinsimíodasól-1-eatánaimín) agus struchtúr ceimiceach agus gníomhaíocht chógaseolaíochta aici atá cosúil le drugaí a thagann faoi Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha. Ní dhearna an Coiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú ar bhútainíotaiséin roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag bútainíotaiséin ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as an mbútainíotaiséin nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid aisti agus gur féidir í a bheith ina fadhb sláinte poiblí agus ina fadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí bútainíotaiséin i Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(14) Braitheadh bútainíotaiséin i seacht mBallstát agus rialaítear í i dtrí Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ar bhútainíotaiséin. Tá Ballstát amháin tar éis bás amháin a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le bútainíotaiséin.

(15) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas bútainíotaiséin a chur le Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Dhrugaí Támhshuanacha.

(16) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, is spreagadh sintéiseach den fhine chaitíonóin é 3-clóraimeatcáitíonón (3-CMC; ainm IUPAC: 1-(3-clóraifeinil)-2-(meitiolaimín)própán-1-a haon). Is analóg é 3-CMC leis an druga meitcáitíonón a rialaítear faoi Sceideal I a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Níl 3-CMC faoi rialú idirnáisiúnta faoi láthair, ach cuireadh a isiméir 4-CMC faoi rialú idirnáisiúnta in 2020. Ní dhearna Coiste Saineolaithe EDS ar an Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú ar 3-CMC roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag 3-CMC ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as 3-CMC nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí 3-CMC i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(17) Rinne coiste eolaíoch an Lárionaid Faireacháin Eorpaigh um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí measúnú ar na rioscaí a bhaineann le 3-CMC agus cuireadh 3-CMC san áireamh cheana féin sa sainmhíniú ar 'dhruga' faoi Chinneadh Réime 2004/757/CGB le Treoir Tarmligthe (AE) 2022/1326 ón gCoimisiún.[17] Tá faireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí air. Tráth a rinneadh an measúnú riosca, i mí na Samhna 2021, braitheadh 3-CMC i 23 Bhallstát. Bhí 10 mbás san iomlán lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 3-CMC tuairiscithe ag cúig Bhallstát agus bhí nimhiú géar amháin lenar bhain teagmháil deimhnithe le 3-CMC tuairiscithe ag Ballstát amháin.

---

[17] Treoir Tarmligthe (AE) 2022/1326 ón gCoimisiún an 18 Márta 2022 lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Réime 2004/757/CGB ón gComhairle maidir le substaintí sícighníomhacha nua a áireamh sa sainmhíniú ar 'druga' (IO L 200, 29.7.2022, lch. 148).

(18) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas 3-CMC a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(19) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, is spreagadh sintéiseach den fhine chaitíonóin é dépheintiolón (ainm IUPAC: 1-(1,3- beinseadé- ocsal- 5- yl)-2-(démheitil- amínó)peantán-1-a haon). Tá struchtúr ceimiceach agus cógaseolaíochta aige atá cosúil leis an struchtúr atá ag cáitíonóin shintéiseacha eile atá in Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha. Ní dhearna Coiste Saineolaithe EDS ar an Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú ar dhépheintiolón roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag dépheintiolón ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as dépheintiolón nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Níor tuairiscíodh aon úsáid leighis fhormheasta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí dépheintiolón i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(20) Braitheadh dépheintiolón i 16 Bhallstát agus rialaítear é i gceithre Bhallstát ar a laghad. Tá faireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ar dhépheintiolón.

(21) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas dépheintiolón a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(22) De réir mheasúnú an Choiste Saineolaithe ar Spleáchas ar Dhrugaí, is airilcioglaiheicsiolaimín é 2-fluaraideasclóraicéataimín (2-FDCK; Ainm IUPAC: 2-(2-fluara-feinil)-2-meitiolaimín-cioglaheacsanón) atá gaolmhar go ceimiceach leis an ainéistéiseach dícheangail céataimín. Ní dhearna Coiste Saineolaithe EDS ar an Spleáchas ar Dhrugaí athbhreithniú ar 2-FDCK roimhe seo. Ní heol aon úsáid theiripeach a bheith ag 2-FDCK ná aon údarú margaíochta. Tá a dhóthain fianaise ann go bhfuil mí-úsáid á baint as 2-FDCK nó gur dócha go mbainfear mí-úsáid as agus gur féidir é a bheith ina fhadhb sláinte poiblí agus ina fhadhb shóisialta a fhágann gur gá an tsubstaint a chur faoi rialú idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, molann EDS go gcuirfí 2-FDCK i Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(23) Braitheadh 2-FDCK i 22 Bhallstát agus rialaítear é i gcúig Bhallstát ar a laghad. Tá dianfhaireachán á dhéanamh ag an Lárionad Faireacháin um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí ar 2-FDCK. Tá dhá Bhallstát tar éis dhá bhás a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 2-FDCK. Tá trí Bhallstát tar éis 11 nimhiú géar a thuairisciú lenar bhain teagmháil dheimhnithe le 2-FDCK. Tá Ballstát amháin tar éis nimhiú géar amháin eile a thuairisciú a bhfuil amhras ann ina leith maidir le teagmháil le 2-FDCK.

(24) Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith mar sheasamh ag an Aontas 2-FDCK a chur le Sceideal II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Substaintí Síceatrópacha.

(25) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha a shuí, mar beidh na cinntí maidir le sceidealú a mhéid a bhaineann leis na cúig shubstaint in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais, mar atá, Cinneadh Réime 2004/757/CGB.

(26) Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach.

(27) Tá an Danmhairg faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

(28) Tá Éire faoi cheangal ag Cinneadh Réime 2004/757/CGB agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, sa 67ú seisiún den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanacha ón 14 go dtí an 22 Márta 2024, nuair a iarrfar ar an gcomhlacht sin cinntí a ghlacadh maidir le substaintí a chur leis na Sceidil a ghabhann le Coinbhinsiún Aonair na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha 1961 arna leasú le Prótacal 1972, agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Substaintí Síceatrópacha 1971.

*Airteagal 2*

Na Ballstáit atá ina gcomhaltaí den Choimisiún um Dhrugaí Támhshuanach, cuirfidh siad in iúl an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*